# Ceistiú

## Cad é atá i gceist leis an straitéis seo?

- Cuirtear ceisteanna ar léitheoirí le tuiscint a shoiléiriú. Léirítear an tuiscint sna freagraí.
- Cuireann léitheoirí ceisteanna agus iad ag léamh. Déanann seo an léitheoireacht soiléir dóibh.
- Is straitéis í seo atá éifeachtach sa chéad agus sa dara teanga, mar sin, má fhorbaítear i nGaeilge í beidh na léitheoirí ag cur leis an straitéis chéanna i nGaeilge agus i mBéarla.

## Cén fáth a múintear í?

- Is féidir cuid mhór eolais a fháil ar thuiscint trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt.
- Díríonn ceisteanna aird an léitheora ar an téacs atá le teacht. Spreagann siad an léitheoir leanúint ar aghaidh le tuilleadh eolais a fháil. Is féidir le ceisteanna tacú leis an léitheoir an téacs a chur i gcomhthéacs agus é a dhéanamh ábhartha.
- Cuidíonn an straitéis seo le daltaí tuiscint níos doimhne a fháil, smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt, foclóir agus teanga a neartú agus léitheoireacht neamhspleách a fhorbairt.

## An straitéis a mhúineadh

Is féidir ceisteanna réamhullmhaithe a úsáid roimh, i rith agus i ndiaidh na léitheoireachta. Is féidir iarraidh ar na páistí ceisteanna a chumadh. Déanann seo an léitheoireacht pearsanta don léitheoir agus cuidíonn sé le hinspreagadh agus rannpháirtíocht. Is féidir iarraidh ar na páistí ceisteanna a chumadh i ngrúpaí, rud a dhéanann an léitheoireacht sóisialta agus a thacaíonn le plé/teanga ó bhéal. **Pléigh na 6 'C': Céard/Cad é? Cé? Cén fáth/Cad chuige? Cén áit? Cén uair? Conas/Cad é mar?**

*(Cur chuige céimnithe)*

**1 . Múnlaigh**

- Léigh os ard.
- Smaoinigh os ard mar léitheoir. Cuir ceisteanna a léiríonn scileanna smaointeoireachta.

**2. Mínigh**

- Ainmnigh an straitéis.
- Mínigh cén uair agus cén fáth a n-úsáidtear í.

**3. Cleachtadh le tacaíocht**

- Obair ranga nó ghrúpa.
- Ceisteanna treoracha ón mhúinteoir.

4.**Cleachtadh neamhspleách**

- Daltaí ag úsáid na straitéise leo féin, ag cur, ag freagairt agus ag cumadh ceisteanna.

**5. Athmhachnamh**

- Plé: *Ar chuidigh an straitéis leat?*

## Gníomhaíochtaí molta

- Pléigh ranga le téacs samplach.
- Cineálacha éagsúla ceisteanna a phlé.
- Ceisteanna a chur ar na páistí a spreagann freagraí ag leibhéil éagsúla smaointeoireachta.

- Deiseanna a thabhairt ceisteanna a chur agus a fhreagairt a léiríonn smaointeoireacht.

## Teanga úsáideach don rang

Cuirtear **ceisteanna éadroma** leis na frásaí; Cad/Cad é/Céard? Cé? Cén uair? Cén fhad? Cén áit? Cá mhéad/Cé mhéad? Cá huair? Cá fhad?

Cuirtear **ceisteanna troma** leis na frásaí; Conas/Cad é an dóigh/Cén chaoi?  Do bharúil? Cén chúis? Cad a cheapann tú/Cad é a shíleann tú?  Cad chuige/Cén fáth? Cad é an chúis?

### Cad é atá le déanamh ag na páistí?

Spreagann ceisteanna freagraí atá **díreach ansin**, a bhfuil gá le **smaoineamh agus cuardach**, a léiríonn **an t-údar**, a spreagann **do bharúil féin**.

An bhfuil na páistí:

- ag úsáid na straitéise go feasach?
- ag úsáid teanga chuí?
- ag míniú a smaointeoireachta?
- ag úsáid fianaise ón téacs?
- ag léiriú scileanna neamhspleácha?

### Leideanna don mhúinteoir

- Ná múin an iomarca straitéisí ag an am céanna.
- Fill ar an straitéis go rialta.
- Níl gá le gníomhaíocht scríofa gach uair.
- Úsáid plé ó bhéal go minic.

### Príomhphointe

Is é an sprioc ná go roghnóidh daltaí an straitéis go neamhspleách agus iad ag léamh. Spreagann na ceisteanna seo ar fad inspreagadh agus rannpháirtíocht sa léitheoireacht.

## Áiseanna sa rannóg seo

Bain úsáid as na leathanaigh le plé a dhéanamh roimh, i rith nó i ndiaidh na léitheoireachta.

- Ag Cur Ceisteanna. Bileog oibre (dubh & bán le priontáil).
- Ceisteanna: Bileoga oibre (dubh & bán le priontáil).
- Cuir Ceisteanna. Ceisteanna ag leibhéil éagsúla (dubh & bán le priontáil).
- Na Ceisteanna Léitheoireachta. Ceisteanna le cumadh (dubh & bán le hriontáil).
- Leidleathanach le ceisteanna molta do thréimhse na léitheoireachta (daite le lannú x 2).
- Leidleathanach do cheisteanna atá trom agus éadrom (daite le lannú x 2).
- Leidleathanach le teanga na gceisteanna a léiriú (daite le lannú x 2).
- Leidleathanach a léiríonn na leibhéil ceisteanna (daite le lannú x 2).

Ainm ............................................  Rang ....................  Dáta .......................

# Ag cur ceisteanna ...

Scríobh ceisteanna faoin téacs atá á léamh agat

Teideal téacs ..........................................................................................


| roimh léamh | agus mé ag léamh | agus an téacs léite |
|---|---|---|
| | | |

Ainm ............................................ Rang ........... Dáta ......................

# Ceisteanna:
# Trom agus Éadrom

Teideal téacs ....................................................................





| Lch. | Éadrom | Trom |
| --- | --- | --- |
| | | |
| | | |
| | | |

Ainm ............................................ Rang .................... Dáta .....................

# Ceisteanna:
# An bhfuil ceisteanna agat féin?

Teideal téacs ..........................................................................................

- Scríobh 4 chineál ceiste faoin leabhar atá agat.
- Déan cinnte go gcuireann tú -
  ceist a bhfuil an freagra díreach ansin,
  ceist a spreagann smaoinigh agus cuardaigh
  ceist a spreagann freagra atá bunaithe ar eolas atá agam féin

**Freagair na ceisteanna ó bhéal/i scríbhinn nó Tabhair do cheisteanna do chara.**


Ainm ............................................ Rang .............. Dáta ....................

# Na Ceisteanna Léitheoireachta

Teideal téacs ...............................................................................................



Cén rud a bhfuil an scéal faoi?



Cé a bhí sa scéal?



Cén áit ar tharla an scéal?



Cén uair a tharla seo?

Cén fáth a raibh an fhadhb sin ann?





Ar réitíodh an fhadhb?

## Roimh Léamh

- Cad atá ar eolas agat faoin leabhar?
- Cad a thug tú faoi deara faoi na léaráidí sa leabhar? An maith leat iad?
- An bhfuair tú eolas ó bhlurba nó ó chlár an leabhair?
- Cad a cheapann tú a mbeidh an leabhar seo faoi?
- Cad atá ar eolas agat faoi ábhar an leabhair?
- Cad a cheapann tú a tharlóidh sa leabhar? Cén fáth a síleann tú sin?
- Cad a cheapann tú a fhoghlaimeoidh tú sa leabhar seo?
- An bhfuil rudaí ann le cabhrú leat é a léamh, m.sh. clár, innéacs, gluais, teidil, lipéid, léaráidí?

# Cuir ceisteanna faoin téacs!

## Agus tú ag léamh

- An bhfuil focail/frásaí ann nach bhfuil tú cinnte fúthu?
- An bhfuil straitéisí agat leis na focail/frásaí sin a léamh?
- Cá bhfuil an scéal seo suite?
- Cad atá ag tarlú go dtí seo?
- An raibh an ceart agat faoin rud a cheap tú a bhí ag dul a tharlú roimh léamh?
- Cén fáth a gceapann tú sin?
- Cad é do mheas ar na carachtair go dtí seo?
- Conas a mhothaíonn na carachtair, meas tú?
- An bhfuil ceisteanna agat?

## Tar éis léamh

- Déan achoimre ar an scéal.
- Ar tharla an rud a cheap tú a bhí ag dul a tharlú?
- Cad a d'fhoghlaim tú?
- Cad é an príomhsmaoineamh?
- Déan cur síos ar an bpríomhcharachtar.
- Cén rud is mó a thaitin leat faoin leabhar?
- Ar freagraíodh do cheisteanna?
- An raibh fadhb sa scéal?
- Ar réitíodh  an fhadhb?
- Cén fáth, dar leat, ar scríobh an t-údar an leabhar seo?
- An bhfuil an leabhar seo cosúil le leabhar eile atá léite agat?

## Roimh Léamh

- Cad é atá ar eolas agat faoin leabhar?
- Cad é a thug tú faoi deara faoi na léaráidí sa leabhar? An maith leat iad?
- An bhfuair tú eolas ó bhlurba nó ó chlár an leabhair?
- Cad é a shíleann tú a mbeidh an leabhar seo faoi?
- Cad é atá ar eolas agat faoi ábhar an leabhair?
- Cad é a shíleann tú a tharlóidh sa leabhar? Cad chuige a síleann tú sin?
- Cad é a shíleann tú a fhoghlaimeoidh tú sa leabhar seo?
- An bhfuil rudaí ann le cuidiú leat é a léamh, m.sh. clár, innéacs, gluais, teidil, lipéid, léaráidí?

# Cuir ceisteanna faoin téacs!

## Agus tú ag léamh

- An bhfuil focail/frásaí ann nach bhfuil tú cinnte fúthu?
- An bhfuil straitéisí agat leis na focail/frásaí sin a léamh?
- Cá bhfuil an scéal seo suite?
- Cad é atá ag tarlú go dtí seo?
- An raibh an ceart agat faoin rud a shíl tú a bhí ag dul a tharlú roimh léamh?
- Cad chuige a síleann tú gur tharla sin?
- Cad é do bharúil ar na carachtair go dtí seo?
- Cad é mar a mhothaíonn na carachtair, do bharúil?
- An bhfuil ceisteanna agat?

## I ndiaidh léamh

- Déan achoimre ar an scéal.
- Ar tharla an rud a shíl tú a bhí ag dul a tharlú?
- Cad é a d'fhoghlaim tú?
- Cad é an príomhsmaoineamh?
- Déan cur síos ar an phríomhcharachtar.
- Cad é an rud is mó a thaitin leat faoin leabhar?
- Ar freagraíodh do cheisteanna?
- An raibh fadhb sa scéal?
- Ar réitíodh an fhadhb?
- Cad chuige, dar leat, ar scríobh an t-údar an leabhar seo?
- An bhfuil an leabhar seo cosúil le leabhar eile atá léite agat?

# Ceisteanna: Trom nó Éadrom




Le **ceisteanna éadroma** go minic bíonn na freagraí gairid agus gonta agus bíonn an freagra sa téacs.

**Cum ceisteanna éadroma faoin leabhar atá tú a léamh. Tosaíonn ceisteanna éadroma le;**

- Cad …?
- Cé …?
- Cén uair …?
- Cén fhad …?
- Cad é…?
- Cá huair …?
- Cé mhéad …?
- Cén áit …?
- Cá mhéad …?

---

Baineann **ceisteanna troma** leis na téamaí móra.
Go minic, bíonn na freagraí casta, fada agus oscailte.
Bíonn ort smaoineamh go domhain le ceist throm a fhreagairt.




**Cum ceisteanna troma faoin leabhar atá tú a léamh. Tosaíonn ceisteanna troma le;**

- Do bharúil …?
- Conas …?
- Cén chúis a bhí le…?
- Cad é an dóigh?
- Cad é mar …?
- Cén chaoi?
- Cad é a shíleann tú?
- Cad a cheapann tú?
- Conas a mhothaíonn …?
- Cén fáth …?

# Ceisteanna

## Sa téacs




### Díreach ansin ...

Tá an freagra díreach ansin sa téacs!

### Smaoinigh agus cuardaigh ...

Tá an freagra le fáil i níos mó ná aon áit amháin sa téacs.

## I mo cheann




### Mise agus an t-údar ...


Tiocfaidh mé ar fhreagra trí chuardach sa téacs agus eolas eile atá agam féin.

### Mé féin ...

Tá eolas agam féin le freagra a thabhairt.



# Ceisteanna atá againn faoin Léitheoireacht



Cén rud, den chuid is mó, a bhfuil an scéal seo faoi?





An téacs ficsin nó neamhfhicsin é?



Cé atá ag insint an scéil?



Cé hiad na carachtair?



Cá bhfuil an scéal seo suite?



Cén fáth a bhfuil mé ag léamh an scéil seo?

